

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

### Faisnéis agus Fógraí

Leathanach

V Fógairtí

#### NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

#### **An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)**

Fógra Comórtas Oscailte — Dlí-theangeolaithe (AD 7) Danmhairgise (DA), Gearmáinise (DE), Béarla (EN), Gaeilge (GA) agus Ollainnise (NL) ..... 1

**GA**

Praghas:  
EUR 3

Faoin tagairt C 321 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.



V

(Fógairtí)

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

## AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

## FÓGRA COMÓRTAS OSCAILTE

Dlí-theangeolaithe (AD 7) Danmhairgise (DA), Gearmáinise (DE), Béarla (EN), Gaeilge (GA) agus Ollainnise (NL)

(2013/C 321 A/01)

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtais oscailte ar bhonn trialacha agus cáilíochtaí chun painéil a thiomsú chun dlí-theangeolaithe (\*) (AD 7) a earcú.

EPSO/AD/271/13 — Dlí-theangeolaithe Danmhairgise (DA)

EPSO/AD/272/13 — Dlí-theangeolaithe Gearmáinise (DE)

EPSO/AD/273/13 — Dlí-theangeolaithe Béarla (EN)

EPSO/AD/274/13 — Dlí-theangeolaithe Gaeilge (GA)

EPSO/AD/275/13 — Dlí-theangeolaithe Ollainnise (NL)

Is é is aidhm do na comórtais seo painéil a thiomsú chun poist fholmha sa Pharlaimint agus sa Chomhairle a líonadh.

***Sula gcuirfidh tú iarratas isteach, ní mór duit na Treoracha do chomórtais oscailte a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 270 A an 7 Meán Fómhair 2012 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach.***

***Is cuid dhílis den fhógra comórtas na treoracha sin agus cuideoidh siad leat na rialacha a bhaineann leis na nósanna imeachta a thuiscint, mar aon leis na bealaí ar a gcuirtear iarratas isteach.***

(\*) Gach áit anseo a bhfuil tagairt don fhirinscne, glactar leis gur tagairt don fhirinscne agus don bhaininscne atáthar.

## CLÁR NA nÁBHAR

- I. CÚLRA GINEARÁLTA
- II. DUALGAIS
- III. INCHÁILITHEACHT
- IV. SCRÚDÚ AGUS TRIALACHA AISTRIÚCHÁIN
- V. IONAD MEASÚNAITHE
- VI. PAINÉIL
- VII. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

## I. CÚLRA GINEARÁLTA

|   |  |
|---|--|
| 1. Líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo in aghaidh an chomórtais | DA — 10<br>DE — 10<br>EN — 10<br>GA — 10<br>NL — 10  |
| 2. Nótaí  | <p>Baineann an fógra seo le roinnt comórtas. Ní féidir leat clárú ach d'aon chomórtas amháin as an líon sin.</p> <p>Ní mór an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárucháin ar líne agus ní féidir í a athrú tar éis duit d'iarratas a dhearbhu agus a bhailíochtú ar líne.</p> <p><b>Tá na comórtais seo dírithe orthu siúd a bhfuil máistreacht <sup>(1)</sup> acu ar theanga an chomórtais, idir scríobh agus labhairt (leibhéal máthairtheanga nó a choibhéis). Mura bhfuil an leibhéal sin agat, molaimid go láidir duit gan clárú.</b></p> |

## II. DUALGAIS

Earcaíonn na hinstitiúidí Eorpacha dlíodóirí atá ardcháilithe agus a chaithfidh bheith in ann téacsanna dlí/reachtaíochta as dhá theanga ar a laghad a athbhreithniú i dteanga an chomórtais agus comhairle a thabhairt maidir le dréachtú reachtaíochta chun a chinntiú go mbeidh dréachtú na Reachtaíochta Eorpaí ar ardchaighdeán. Úsáideann dlí-theangeolaithe uirlisí ríomhaireachta agus oifige caighdeánacha chun a gcuid dualgas a dhéanamh.

Leanann na dlí-theangeolaithe na nósanna imeachta reachtacha feadh an phróisis agus gníomhaíonn siad mar chomhairleoirí, chun a chinntiú go bhfuil an dréachtú ar ardchaighdeán agus go gcomhlíontar na rialacha maidir le leagan amach téacsanna reachtacha. Chomh maith leis sin, seiceálann siad an bhfuil na téacsanna reachtacha a aistríodh agus a athbhreithníodh cheana, i dteanga an chomórtais, ag teacht le leaganacha na dtéacsanna sin i dteangacha eile ó thaobh teanga agus dlí de. Is cuid den dualgas bheith ag plé go minic leis na gníomhaithe éagsúla atá rannpháirteach sa nós imeachta reachtach.

<sup>(1)</sup> Féach Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha — (<http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp>) — an pasmharc: teanga 1 = C2, teanga 2 = C1, teanga 3 = C1

### III. INCHÁILITHEACHT

Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárlúchán ar líne, ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas uile a chomhlíonadh:

#### 1. Coinníollacha ginearálta

- (a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach.
- (b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.
- (c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
- (d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais atá i gceist a dhéanamh.

#### 2. Coinníollacha sonracha

2.1

##### Cáilíochtaí

##### DA

Leibhéal oideachais a fhreagraíonn do chúrsa iomlán ollscoile agus diplóma i ndlí na Danmhairge bainte amach ag a dheireadh.

**Ansøgerne skal have en afsluttet uddannelse i dansk ret på universitetsniveau [juridisk kandidateksamen (cand.jur.) eller den erhvervsøkonomiske-erhvervs-juridiske kandidateksamen (cand.merc.jur.)]**

##### DE

Leibhéal oideachais a fhreagraíonn do chúrsa iomlán ollscoile agus diplóma i ndlí na Gearmáine darb ainm “Erste juristische Prüfung/Erste Prüfung” nó i ndlí na hOstaire darb ainm “Magister der Rechtswissenschaften” bainte amach ag a dheireadh.

**Juristische Ausbildung, die im deutschen Recht mit der Ersten juristischen Prüfung/Ersten Prüfung bzw. im österreichischen Recht mit dem Magister der Rechtswissenschaften abgeschlossen wurde.**

##### EN

Ní mór duit céim sa dlí a bheith agat, ar céim í a dámhadh sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn, nó cáilíocht mar abhcóide nó aturnae a bheith bainte amach agat sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn. Maidir le hiarrthóirí a rinne cúrsa céime trí bliana, ní mór dóibh taití ghairmiúil iomchuí aon bhliana amháin ar a laghad a bheith faighte acu freisin.

**You must hold a degree in law awarded in the United Kingdom or Ireland or have qualified as a barrister, advocate or solicitor in the United Kingdom or Ireland. Candidates who followed a three year degree course must also have obtained at least one year's appropriate professional experience.**

##### GA

Ní mór duit cúrsa oiriúnach sa dlí a bheith críochnaithe agat in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe, i.e. céim sa dlí a bheith agat, ar céim í a fhianaíonn go bhfuil staidéar ollscoile trí bliana ar a laghad críochnaithe agat, nó cáilíocht mar abhcóide nó aturnae a bheith bainte amach agat in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe. Maidir le hiarrthóirí a rinne cúrsa céime trí bliana, ní mór dóibh taití ghairmiúil iomchuí aon bhliana amháin ar a laghad a bheith faighte acu freisin.

##### NL

Leibhéal oideachais a fhreagraíonn do chúrsa iomlán ollscoile agus diplóma i ndlí na hÍsiltíre nó i ndlí na Beilge ó ollscoil Ollainnise bainte amach ag a dheireadh.

**(Voltooidde juridische studie, afgesloten met een diploma Nederlands recht (doctorandus of master) of Belgisch recht (licentiaat of master), afgegeven door een Nederlandstalige rechtenfaculteit).**

Chun a chinneadh ar bhain an t-iarrthóir leibhéal a fhreagraíonn do chúrsa ollscoile iomlán amach, cuirfidh an bord roghnúcháin na rialacha ab infheidhme tráth a fuarthas an chéim san áireamh.

|                  |   |                    |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
|------------------|---|--------------------|------------------|--------------|-------------|---------------|----------------|------------------|--------------|----------------|-----------------|--------------|--------------------|--------------|---------------|---------------|-------------|---------------|----------------|---------------|-----------------|-----------------|----------------|--------------|-----------------|
| 2.2              | <p><b>Eolas ar theangacha</b></p> <p><i>I bhfianaise an bhreithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) uaithi i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, is mian le hinstiúidí an Aontais a shonrú cé na fáthanna a bhfuil rogha an dara teanga teoranta acu sa chomórtas seo do líon srianta de theangacha oifigiúla an AE.</i></p> <p><i>Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhísí, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar obair na n-institiúidí.</i></p> <p><i>Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánaí, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ar a bharr sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is leitheadaí san Aontas Eorpach agus is iad is mó a ndéantar staidéar orthu mar dhara teangacha. Is léiriú é sin ar an leibhéal oideachais agus ar na hinniúlachtaí gairme ar féidir bheith ag súil leo ó na hiarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mhead, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin ar leibhéal teanga oibre. Mar sin, lígeann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha d'institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábailta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair.</i></p> <p><i>Ar na cúiseanna céanna, moltar an teanga chumarsáide idir na hiarrthóirí agus an institiúid a theorannú, an teanga ina scríobhtar na hiarratais san áireamh. Ina theannta sin, cinnteofar leis an méid sin go ndéanfar an chomparáid idir na hiarrthóirí, agus an tseiceáil ar a n-iarratais, ar bhealach aonfhoirmeach.</i></p> <p><i>Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina phríomhtheanga oifigiúil aige, an triail sin a dhéanamh sa dara teanga atá aige, agus beidh an dara teanga le roghnú as na trí theanga sin.</i></p> <p><i>Tá na bearta seo gan dochar d'fhoghlaim tríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 45, mír 2 de na Rialacháin Foirne.</i></p> <p><b>Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh:</b></p> <table data-bbox="512 1312 1225 1514"> <tr> <td>BG (Bulgáiris)</td> <td>FI (Fionlainnis)</td> <td>MT (Máltais)</td> </tr> <tr> <td>CS (Seicis)</td> <td>FR (Fraincis)</td> <td>NL (Ollainnis)</td> </tr> <tr> <td>DA (Danmhairgis)</td> <td>GA (Gaeilge)</td> <td>PL (Polainnis)</td> </tr> <tr> <td>DE (Gearmáinis)</td> <td>HR (Cróitis)</td> <td>PT (Portaingéilis)</td> </tr> <tr> <td>EL (Gréigis)</td> <td>HU (Ungáiris)</td> <td>RO (Rómáinis)</td> </tr> <tr> <td>EN (Béarla)</td> <td>IT (Iodáilis)</td> <td>SK (Slóvaicis)</td> </tr> <tr> <td>ES (Spáinnis)</td> <td>LT (Liotuáinis)</td> <td>SL (Slóivéinis)</td> </tr> <tr> <td>ET (Eastóinis)</td> <td>LV (Laitvis)</td> <td>SV (Sualainnis)</td> </tr> </table> | BG (Bulgáiris)     | FI (Fionlainnis) | MT (Máltais) | CS (Seicis) | FR (Fraincis) | NL (Ollainnis) | DA (Danmhairgis) | GA (Gaeilge) | PL (Polainnis) | DE (Gearmáinis) | HR (Cróitis) | PT (Portaingéilis) | EL (Gréigis) | HU (Ungáiris) | RO (Rómáinis) | EN (Béarla) | IT (Iodáilis) | SK (Slóvaicis) | ES (Spáinnis) | LT (Liotuáinis) | SL (Slóivéinis) | ET (Eastóinis) | LV (Laitvis) | SV (Sualainnis) |
| BG (Bulgáiris)   | FI (Fionlainnis)  | MT (Máltais)       |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| CS (Seicis)      | FR (Fraincis)   | NL (Ollainnis)     |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| DA (Danmhairgis) | GA (Gaeilge)  | PL (Polainnis)     |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| DE (Gearmáinis)  | HR (Cróitis)  | PT (Portaingéilis) |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| EL (Gréigis)     | HU (Ungáiris)   | RO (Rómáinis)      |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| EN (Béarla)      | IT (Iodáilis)   | SK (Slóvaicis)     |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| ES (Spáinnis)    | LT (Liotuáinis)   | SL (Slóivéinis)    |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| ET (Eastóinis)   | LV (Laitvis)  | SV (Sualainnis)    |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| Teanga 1         | <p><b>an phríomhtheanga</b><br/>máistreacht ar theanga an chomórtais</p>  |                    |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| Teanga 2         | <p><b>an chéad teanga fhoinseach (nach ionann í agus teanga 1)</b><br/>sáreolas ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis</p>  |                    |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| Teanga 3         | <p><b>an dara teanga fhoinseach (nach ionann í agus teanga 1 ná 2)</b><br/>sáreolas ar an mBéarla, ar an bhFraincis, ar an nGearmáinis, ar an Iodáilis, ar an bPolainnis nó ar an Spáinnis</p> <p><b>Seachas i gcás chomórtas EPSO/AD/273/13 (EN), ní mór an Béarla a roghnú mar theanga 2 nó mar theanga 3.</b></p>  |                    |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |
| N.B.             | <p><b>Tabhair do d'aire gur sa Bhéarla, sa Fhraincis nó sa Ghearmáinis a bheidh na trialacha inniúlachtaí ginearálta (f) agus (g), ar teanga í nach ionann agus teanga 1.</b></p>   |                    |                  |              |             |               |                |                  |              |                |                 |              |                    |              |               |               |             |               |                |               |                 |                 |                |              |                 |

## IV. SCRÚDÚ AGUS TRIAIL AISTRIÚCHÁIN AR RÍOMHAIRE

Déanfar an scrúdú agus an triail aistriúcháin ar ríomhaire agus is é EPSO a eagróidh iad. Is é an bord roghnúcháin a shocróidh an leibhéal deacrachta agus a fhorfhéasfaidh an t-ábhar iontu ar bhonn mholtaí EPSO.

|                                      |  |
|--------------------------------------|--|
| 1. <b>Cuireadh</b>                   | <p>Tabharfar cuireadh duit an scrúdú agus an triail aistriúcháin a dhéanamh má bhailíochnaigh tú d'iarratas in am (féach Roinn VII).</p> <p><b>Tabhair do d'aire:</b></p> <ol style="list-style-type: none"> <li>is ionann d'iarratas a bhailíochnú agus a dhearbhu go gcomhlíonann tú na coinníollacha ginearálta agus sonracha atá leagtha síos i Roinn III;</li> <li>chun an scrúdú agus an triail aistriúcháin a dhéanamh, ní mór duit dáta a chur in áirithe; tá sé <b>sár-riachtanach</b> sin a dhéanamh roimh an spriocam a chuirfear in iúl duit trí do chuntas EPSO.</li> </ol> |
| 2. <b>Scrúdú ar thuiscint teanga</b> | <p>(a) Scrúdú atá bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d'inniúlachtaí ginearálta a mheasúnú ó thaobh tuiscint teanga de.</p> <p><b>marcáil: 0–20 pointe</b><br/> <b>an pasmharc: 12 phointe</b><br/> <b>fad an scrúdaithe: 25 nóiméad</b><br/> <b>teanga an scrúdaithe: teanga 2</b></p> <p>Scrúdú díbeartha is ea scrúdú (a) ach ní chuirfear na marcanna ón scrúdú sin le marcanna na trialach aistriúcháin chun na hiarrthóirí atá le cuireadh a fháil chun an ionaid mheasúnaithe a shaináithint.</p>   |
| 3. <b>Triail aistriúcháin</b>        | <p>(b) Aistriúchán go teanga an chomórtais (teanga 1), <u>gan foclóir</u>, ar théacs dlí a scríobhadh i dteanga 2.</p> <p><b>marcáil: 0–80 pointe</b><br/> <b>an pasmharc: 40</b><br/> <b>fad na trialach: dhá uair an chloig.</b></p> <p><b>Mura ngnóthóidh an t-iarrthóir an pasmharc i scrúdú (a), ní mharcálfar triail (b).</b></p> <p>Déanfar na marcanna a gnóthaíodh sa triail aistriúcháin, chomh maith leis na marcanna a gnóthaíodh i dtrialacha an ionaid mheasúnaithe, a chur san áireamh sa mharc deiridh.</p>  |

## V. IONAD MEASÚNAITHE

|                    |  |
|--------------------|--|
| 1. <b>Cuireadh</b> | <p>Tabharfar cuireadh duit chun an ionaid mheasúnaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>má ghnóthaigh tú an pasmharc agus ceann de na marcanna is fearr sa triail aistriúcháin, agus</li> <li>más léir, ar bhonn an scrúdaithe arna dhéanamh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarratas ar líne <sup>(2)</sup>, go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.</li> </ul> <p>Tabharfar cuireadh chun an ionaid mheasúnaithe <b>do</b> líon iarrthóirí a fhreagraíonn do líon <b>nach mó ná 4</b> líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo (in aghaidh an chomórtais) atá luaite san fhógra comórtas seo agus foilseofar an líon sin ar shuíomh gréasáin EPSO (<a href="http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/">http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/</a>). Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh ar fad chun an ionaid mheasúnaithe.</p> |
|--------------------|--|

<sup>(2)</sup> Seiceálfar an fhaisnéis sin, trí scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid tacaíochta, sula dtiomsófar an painéal (féach Roinn VI(1) agus Roinn VII(2)).

|  |  |                                 |                         |
|--|--|---------------------------------|-------------------------|
| <p><b>2. Ionad measúnaithe</b></p>                 | <p>Déanfar trí chineál measúnaithe ort:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— inniúlachtaí réasúnaíochta: scrúduithe (a), (b) agus (c)</li> <li>— inniúlachtaí sonracha: triail (d) agus triail (e)</li> <li>— inniúlachtaí ginearálta: trialacha (e), (f) agus (g)</li> </ul> <p>measúnófar <b>do chuid inniúlachtaí réasúnaíochta</b> <sup>(3)</sup>, leis na scrúduithe <sup>(4)</sup> seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(a) scrúdú réasúnaíochta briathartha</li> <li>(b) scrúdú réasúnaíochta uimhriúla</li> <li>(c) scrúdú réasúnaíochta teibí</li> </ul> <p>measúnófar <b>do chuid inniúlachtaí sonracha</b> sa réimse leis na trialacha seo a leanas <sup>(4)</sup>:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(d) achoimre i dteanga an chomórtais ar théacs a scríobhadh i dteanga 3</li> <li>(e) cur i láthair ó bhéal <sup>(5)</sup> maidir le do chuid inniúlachtaí sa réimse</li> </ul> <p>measúnófar <b>do chuid inniúlachtaí ginearálta</b> <sup>(6)</sup> leis na trialacha seo a leanas <sup>(4)</sup>:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(e) cur i láthair ó bhéal</li> <li>(f) agallamh struchtúrtha</li> <li>(g) cleachtadh grúpa</li> </ul> <p>Is dócháil gur sa Bhruiséil a mheasúnófar thú agus go mairfidh an measúnú aon lá go leith.</p> <p><b>Tástálfar gach inniúlacht ginearálta ar leith atá léirithe sa tábla seo thíos:</b></p> |                                 |                         |
|  | Cur i láthair ó bhéal<br>(e)   | Agallamh<br>struchtúrtha<br>(f) | Cleachtadh grúpa<br>(g) |
| Anailisiú agus réiteach fadhbanna                  | x  |                                 | x                       |
| Cumarsáid  | x  | x                               |                         |
| Cáilíocht agus torthaí                             | x  | x                               |                         |
| Foghlaim agus forbairt                             |  | x                               | x                       |
| Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán | x  |                                 | x                       |
| Buanseasmhacht                                     | x  | x                               |                         |
| Obair bhuíne                                       |  | x                               | x                       |
| Cumas ceannaireachta                               |  | x                               | x                       |

<sup>(3)</sup> Ar chúiseanna eagrúcháin, d'fhéadfadh na scrúduithe réasúnaíochta bheith ar siúl sna hionaid scrúdúcháin atá sna Ballstáit, is cuma cá mbeidh trialacha eile an ionaid mheasúnaithe ar siúl. Déanfar na scrúduithe seo ar ríomhaire agus is í EPSO a eagróidh iad. Is é an bord roghnúcháin a chinnfidh leibhéal deacrachta na scrúduithe agus a fhorghaibh a mbeidh iontu i bhfianaise moltaí ó EPSO.

<sup>(4)</sup> Déanfaidh an bord roghnúcháin a mbeidh sna nithe seo a bhailíochtú.

<sup>(5)</sup> Tabhair do d'aire go measúnófar na hinniúlachtaí sonracha agus ginearálta ar aon leis an gcur i láthair ó bhéal.

<sup>(6)</sup> Tá an sainmhíniú ar na hinniúlachtaí sin ar fáil i bpointe 1.2 de na Treoracha do chomórtais oscailte.



|                                    |  |
|------------------------------------|--|
| 3. <b>Teangacha na dtástálacha</b> | tástálacha (a), (b), (c), (d) agus (e): teanga 1<br>trial (f) agus trial (g): Béarla, Fraincis, nó Gearmáinis, ar teanga í nach ionann agus teanga 1   |
| 4. <b>Marcáil:</b>                 | <p><b>Inniúlachtaí réasúnaíochta</b></p> <p>(a) inniúlacht bhriathartha: 0–20 pointe<br/>an pasmharc: 10</p> <p>(b) inniúlacht uimhriúil: 0–10 bpointe</p> <p>(c) inniúlacht theibí: 0–10 bpointe<br/>an pasmharc d'iomlán scrúduithe (b) agus (c): 8 bpointe</p> <p><b>Trialacha díbeartha is ea scrúduithe (a), (b) agus (c); ach ní chuirfear marcanna na scrúduithe sin le marcanna eile an ionaid mheasúnaithe.</b></p> <p><b>Inniúlachtaí sonracha</b></p> <p>(d) 0–60 pointe<br/>an pasmharc: 30 pointe</p> <p>(e) 0–40 pointe<br/>an pasmharc: 20 pointe</p> <p><b>Inniúlachtaí ginearálta ((e), (f) agus (g))</b></p> <p>marcálfar na hinniúlachtaí ginearálta ina n-iomláine as 80 pointe (10 bpointe in aghaidh na hinniúlachta)</p> <p>an pasmharc:<br/>3 mharc in aghaidh na hinniúlachta agus<br/>40 marc d'iomlán na 8 n-inniúlacht ginearálta.</p> |

## VI. PAINÉIL

|  |  |
|--|--|
| 1. <b>Iarrthóirí a chur ar na painéil</b> <sup>(7)</sup> | <p>Cuirfidh an bord roghnúcháin d'ainm ar an bpainéal <sup>(8)</sup> (féach “líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo”, Roinn I(1)):</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— má ghnóthaigh tú na pasmharcanna agus marc atá ar cheann de na marcanna foriomlána is fearr don trial aistriúcháin agus do thrialacha an ionaid mheasúnaithe</li> <li>— agus más rud é go dtaispeánann na doiciméid tacaíochta go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta ar fad.</li> </ul> <p>Déanfar an tseiceáil sin, in ord íslitheach tuillteanais, go dtí go mbainfear amach an líon is mó iarrthóirí is féidir a bheith ar an bpainéal, agus ar iarrthóirí iad a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ar fad go hiarbhair.</p> <p>Ní scrúdófar doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a bheidh faoi bhun na tairsí sin. Má thagann sé chun solais sa tseiceáil nach bhfuil na dearbhuithe <sup>(9)</sup> a rinne iarrthóirí san iarratas ar líne ag lú leis na doiciméid tacaíochta ábhartha, dícháileofar na hiarrthóirí lena mbaineann den chomórtas.</p> |
| 2. <b>Aicmiú</b>   | Tiomsófar na painéil in ord aibítre, in aghaidh an chomórtais.   |

<sup>(7)</sup> An 2 Iúil 2013, vótáil Parlaimint na hEorpa ar son an téacs comhghéillte maidir leis an athbheithniú ar Rialachán Foirne na nOifigeach agus ar an gcóras is infheidhme maidir le gníomhairí eile an Aontais Eorpaigh. Ní bheidh an téacs sin críochnaitheach sa chéad léamh, áfach, go dtí go bhformheasfaidh an Chomhairle vóta Parlaimint na hEorpa go foirmiúil. Faoi réir an fhorghéara sin, bainfidh na leasuithe go háirithe le gairmréimeanna oifigeach agus gníomhairí eile agus leis na cineálacha post a bhíonn acu. D'fhéadfadh sé go dtairgí post do na hiarrthóirí a n-éireoidh an comórtas seo leo ar bhonn Rialachán Foirne nua, i ndiaidh don reachtóir na rialacha sin a ghlacadh go críochnaitheach, gan dochar d'impleachtaí eile de chineál dlíthiúil ná de chineál airgeadais.

<sup>(8)</sup> Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear ainmneacha na n-iarrthóirí sin ar fad ar an bpainéal.

<sup>(9)</sup> Déanfaidh EPSO na dearbhuithe a sheiceáil i dtaca leis na coinníollacha ginearálta agus déanfaidh an bord roghnúcháin iad a sheiceáil i dtaca leis na coinníollacha sonracha.

## VII. CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

|                            |  |
|----------------------------|--|
| 1. <b>Clárú ar líne</b>    | Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO, agus sa treoirleabhar maidir le clárúchán go háirithe.<br><b>Spriodhata (an bailíochtú san áireamh): 10 Nollaig 2013 ag 12 a chlog (meán lae), am na Bruiséile</b>   |
| 2. <b>Comhad iarrthóra</b> | <b>Má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh</b> chun an ionaid mheasúnaithe, beidh ort an comhad iomlán a bhaineann le d'iarratas a thabhairt leat <sup>(10)</sup> (an fhoirm iarratais ar líne agus í sínithe, na doiciméid tacaíochta san áireamh) nuair a bheidh tú ag teacht chun an ionaid mheasúnaithe.<br><b>Mionsonraí praiticiúla:</b> féach pointe 6.1 de na Treoracha do chomórtais oscailte. |

<sup>(10)</sup> Déanfar dáta do choinne san ionad measúnaithe a chur in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.

## ATHBHREITHNIÚ AR IRISÍ OIFIGIÚLA C A “COMÓRTAS”

Anseo thíos gheobhaidh tú liosta de na heagráin C A a foilsíodh le linn na bliana reatha.

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, foilsítear leagan den IO i ngach teanga.

|  |                |
|--|----------------|
| 5  | 200            |
| 27 (RO)  | 204 (DE/EN/FR) |
| 29   | 210 (LV)       |
| 33   | 211 (PL)       |
| 34   | 219            |
| 36 (DA)  | 227            |
| 41 (BG)  | 231            |
| 43 (EN)  | 235            |
| 49 (ET)  | 240            |
| 50 (HU)  | 264            |
| 51 (SL)  | 269            |
| 54 (DE/EN/FR)                                      | 276            |
| 58 (EN/GA)   | 277            |
| 75   | 279 (PT)       |
| 81   | 286 (ET)       |
| 82   | 289            |
| 88 (BG)  | 290            |
| 89 (CS)  | 292 (SK)       |
| 94   | 293 (EN)       |
| 104  | 294 (DE)       |
| 109  | 295 (DA)       |
| 111  | 299            |
| 112 (DE/EN/FR)                                     | 300 (LT)       |
| 117 (ET)   | 301            |
| 118  | 302            |
| 120  | 308 (DE/EN/FR) |
| 131  | 309            |
| 143  | 310            |
| 160 (DE/EN/FR)                                     | 317            |
| 162  | 320            |
| 166  | 321            |
| 167  |                |
| 168  |                |
| 172  |                |
| 173  |                |
| 174  |                |
| 176 (BG/DE/EN/ET/FI/IT/LT/LV/MT/NL/PL/PT/SK/SL/SV) |                |
| 180 (MT)   |                |
| 182 (DE/EN/FR)                                     |                |
| 183 (IT)   |                |
| 191  |                |
| 192  |                |
| 193  |                |
| 194  |                |
| 196  |                |
| 197  |                |
| 199  |                |

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://new.eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh  
2985 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

GA